Nóta Eolais faoi Thaighde, Aibreán 2012

# Tuiscint ar Dhíothacht Leanaí in Éirinn

Dorothy Watson, Bertrand Maître and Christopher T. Whelan

**Áirítear leanaí ar cheann de na grúpaí saolré a chuimsítear sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016.* Bíonn an bhochtaineacht dian ar chách ach go háirithe ar leanaí ó thaobh a dtorthaí san fhadtéarma agus na seansanna saoil a d'fhéadfaí a dhiúltú orthu dá dheasca.**

**Gheofar sa tuarascáil seo eolas nua ar leanaí atá bocht agus díothaithe in Éirinn ó Shuirbhé Náisiúnta 2009 ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (SILC), suirbhé a rinneadh ar 1800 teaghlach le leanaí.**

**Scrúdaíonn an tuarascáil a mhéad díothachta sainlinbh atá ann, an forluí idir é agus díothacht teaghlaigh, agus na tosca riosca agus cosanta do leanaí díothaithe.**

**Tá clár taighde ar siúl ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí bochtaineachta agus chun anailís agus fianaise a sholáthar mar bhonn beartais. Cuid den chlár sin is ea an tuarascáil seo. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a tháirg an tuarascáil.**

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

ESRI

## Na Príomhthorthaí

- Tá breis is ceathrú (27 faoin gcéad) de na leanaí ar fad sa tír idir 2 agus 15 bliana d'aois díothaithe ar shlí éigin.
- Baineann díothacht sainlinbh le 13 faoin gcéad de na leanaí idir 2 agus 15 bliain d'aois. Lena chois sin, baineann 24 faoin gcéad de na leanaí sin le teaghlaigh díothaithe.
- Baineann an dá chineál díothachta le 10 faoin gcéad de na leanaí idir 2 agus 15 bliain d'aois.
- I dteaghlaigh díothaithe, is cosúil go gcaitheann mórchuid tuismitheoirí na hacmhainní atá ar fáil ar na leanaí, nó go bhfuil siad in ann a leanaí a chosaint ar dhíothacht sainlinbh ar shlí éigin eile.
- Samhlaítear easpa cobhsaíochta i ngaol na dtuismitheoirí le riosca méadaithe de dhíothacht sainlinbh, fiú sna teaghlaigh nach bhfuil díothaithe ar aon slí eile.
- Cabhair is ea é an mháthair a bheith fostaithe chun leanaí a chosaint ar dhíothacht sainlinbh, ach cabhair is ea leibhéal áirithe gnóthachtála oideachais a bheith aici chun leanaí a chosaint ar dhíothacht sainlinbh agus ar dhíothacht teaghlaigh i dteannta a chéile.
- I dteaghlaigh ar ioncam íseal i gcás nach raibh post íoctha riamh ag ceann an teaghlaigh is mó i bhfad an baol go mbeidh na leanaí díothaithe ar gach cineál slí.
- Ní mór do fhreagairtí beartais cur chuige iltoiseach a ghlacadh i leith ábhair imní láithreacha maidir le leanaí chun an costas fadtéarmach a ghabhfadh le bochtaineacht agus díothacht a sheachaint.
- Beartas riachtanach de chuid an Rialtais is ea gníomhachtú agus fostaíocht chruthaitheach a chur ar aghaidh toisc gur cosaint é an fhostaíocht do leanaí ar gach cineál díothachta.
- Gné riachtanach eile, le cois na fostaíochta, is ea ioncam leordhóthanach (ar aon dul le méid agus aois na leanaí sa teaghlach) chun gur féidir le tuismitheoirí a gcuid leanaí a chosaint.
- Is cosúil nach bhfuil teacht cothrom ar dhochtúirí teaghlaigh agus ar sheirbhísí déadacha. Líon beag leanaí lasmuigh de na grúpaí ioncaim is ísle atá buailte leis sin.
- Ní mór taighde breise a dhéanamh ar oiriúnacht na scálaí coibhéise reatha, ina gcuirfí anailís ar shonraí SILC ag gabháil le fianaise ar an gcostas a bhaineann le leanaí.